# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2152 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Nollaig 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle an 5 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 208/2014.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart an iontráil do dhuine amháin agus an fhaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. CIGLER KRALJ

([1]) IO L 66, 6.3.2014, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leanas:

(1) I roinn A ("Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2"), scriostar an iontráil don duine seo a leanas:

"17. Oleksandr Viktorovych Klymenko (Олександр Вікторович Клименко)";

(2) I roinn B ("Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil"), scriostar iontráil 17 a bhaineann le Oleksandr Viktorovych Klymenko freisin.